An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán Uimhir 0055/2024**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Foilsiú *Nósanna Imeachta Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna*

## 1. Cuspóir an Chiorcláin seo

Is é cuspóir an chiorcláin seo ná a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta scoileanna go bhfuil *Nósanna Imeachta Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic Léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* tagtha in ionad *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* 2013 i ndiaidh comhairliúchán idir an Roinn Oideachais agus na comhpháirtithe oideachais.

## 2. Ginearálta agus an Dáta Éifeachta

2.1 Tháinig na *Nósanna Imeachta Bí Cineálta* seo *chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna* ar an bhfód mar thoradh ar athbhreithniú ar *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2013* agus ar fhorfheidhmiú *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* a foilsíodh i mí na Nollag 2022.

2.2 Baineann na nósanna imeachta seo leis na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna aitheanta go léir agus le hionaid oideachais, mar a shainmhínítear iad san Acht Oideachais, 1998, a bhfuil scoláirí faoi 18 mbliana d'aois ag freastal orthu.

2.3 Tá sé de cheangal ar údaráis scoile agus ar phearsanra scoile cloí leis na nósanna imeachta seo.

2.4 Ba cheart a thabhairt faoi deara go dtiocfaidh ceanglais na nósanna imeachta **i bhfeidhm ó thús scoilbhliain 2025/2026**.

2.5 Ba cheart go ndíreofaí aird na foirne scoile go léir agus bhaill an bhoird bainistíochta ar na nósanna imeachta seo.

2.6 Ní mór don bhord bainistíochta a pholasaí Bí Cineálta a fhorbairt le linn scoilbhliain 2024/2025. Ba cheart glacadh go foirmiúil leis an bpolasaí Bí Cineálta agus leis na nósanna imeachta seo roimh thús scoilbhliain 2025/26.

2.7 Tá na nósanna imeachta seo foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne agus is féidir teacht orthu anseo: gov - Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht (www.gov.ie)

## 3. Cuspóir na Nósanna Imeachta seo

3.1 Cuireann an nósanna imeachta seo treo agus treoir ar fáil do scoileanna, maidir le bearta chun aghaidh a thabhairt ar iompraíocht bhulaíochta i scoileanna agus dul i ngleic léi. Tagann siad in ionad *na Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2013.*

3.2 Tugtar forléargas ar na príomhréimsí ina bhfuil athruithe ó *na Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* 2013 in Aguisín G de *Nósanna Imeachta Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic Léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna.* I measc na n-athruithe sin tá siad seo a leanas:

a) Sainmhíniú uasdátaithe ar iompraíocht bhulaíochta bunaithe ar *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht (2022)*
b) Fócas níos mó ar chur chuige comhpháirtíochta maidir le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.
    - ní mór do scoileanna oibriú i gcomhar lena bpobal scoile uile lena n-áirítear a mbord bainistíochta, an fhoireann, scoláirí agus a gcuid tuismitheoirí chun a bpolasaí *Bí Cineálta* a fhorbairt
    - ní mór do gach scoil leagan dá polasaí Bí Cineálta atá oiriúnach do scoláirí a fhorbairt agus a chur ar taispeáint in áit ar féidir le scoláirí agus pobal na scoile é a fheiceáil
    - ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí Bí Cineálta na scoile i gcomhar le pobal uile na scoile uair amháin gach bliain féilire nó níos minice más gá
    - ní mór do scoileanna dul i gcomhairle leis na scoláirí atá i gceist san iompraíocht bhulaíochta agus lena dtuismitheoirí chun cinneadh a dhéanamh faoi na bearta a dhéanfar agus nuair atá cinneadh á dhéanamh an bhfuil nó nach bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta
c) Níos mó maoirseachta:
    - ní mór gach eachtra d'iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh
    - tá sé de cheangal ar phríomhoide na scoile uasdátú a thabhairt ar iompraíocht bhulaíochta ag gach gnáthchruinniú den bhord bainistíochta
    - is é atá mar chuspóir ag uasdátú an phríomhoide ná bonn eolais a chur faoin bplé ag leibhéal an bhoird maidir le héifeachtacht fhoriomlán pholasaí Bí Cineálta na scoile

d) Doiciméid teimpléid nua:
   - san áireamh sna nósanna imeachta tá teimpléid nach mór do scoileanna a úsáid chun a bpolasaí Bí Cineálta a fhorbairt agus athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar a bpolasaí
   - san áireamh sna nósanna imeachta freisin tá teimpléad is féidir a úsáid mar bhonn don pholasaí Bí Cineálta atá oiriúnach do scoláirí, chomh maith le treoracha is féidir a úsáid chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta agus chun cabhrú le príomhoidí an t-uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta a sholáthar don bhord bainistíochta.

## 4. Na chéad Chéimeanna eile

4.1 Tacóidh sraith d'acmhainní foghlama gairmiúla agus de seiminéar eolais d'fhoirne scoile, do bhaill na mbord bainistíochta agus do thuismitheoirí le feidhmiú na nósanna imeachta seo agus cuirfear tuilleadh eolais faoin mbealach le leas a bhaint astu sin ar fáil i dtús mhí Mheán Fómhair 2024.

4.2 Tá sé de cheangal ar gach bord bainistíochta, roimh thús scoilbhliain 2025/2026, polasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi a fhorbairt agus glacadh leis go foirmiúil, ar polasaí é ina ndéantar ceanglais na nósanna imeachta seo a chomhlíonadh go hiomlán. Déantar doiciméad teimpléi, nach mór é a úsáid mar bhonn do pholasaí na scoile, a sholáthar in Aguisín A de na nósanna imeachta seo.

4.3 Ba cheart do scoileanna plé a dhéanamh le pobal a scoile chun a bpolasaí a fhorbairt agus a athbhreithniú. Ba cheart ábhar an pholasaí a chur in iúl do phobal na scoile agus don phátrún agus ba cheart é a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile.

4.4 Ní mór leagan de pholasaí Bí Cineálta na scoile atá oiriúnach do scoláirí a fhorbairt. Déantar doiciméad teimpléid is féidir a úsáid mar bhonn do pholasaí na scoile atá oiriúnach do scoláirí a sholáthar in Aguisín B de na nó seo.

4.5 Tiocfaidh na ceanglais uile a bhaineann leis na nósanna imeachta sin i bhfeidhm ó thús scoilbhliain 2025/2026.

## 5. Tacaíocht do Scoileanna

5.1 Tá na nósanna imeachta, na haguisíní agus an doiciméad acmhainní foilsithe ar gov.ie gov - Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht (www.gov.ie).

5.2 Cuirfear cóipeanna crua de na nósanna imeachta, ar fáil do scoileanna le linn mhí Mheán Fómhair 2024.

5.3 Soláthrófar sraith de thacaíochtaí forbartha gairmiúla chun tacú le rannphairtíocht, comhoibriú agus foghlaim ghairmiúil ceannairí agus foirne scoile de réir mar a chuireann siad eolas ar *Nósanna Imeachta Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic Léi do*

*Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* agus de réir mar a fheidhmíonn siad é.

5.4 Déanfaidh an Roinn seimineáir eolais ar líne a sholáthar do cheannairí scoile go luath i scoilbhliain 2024/2025. Moltar do cheannairí scoile freastal ar na seimineáir sin, ar seimineáir iad ina dtabharfar eolas ar Cineáltas agus ar nósanna imeachta Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Chomh maith leis sin, tabharfar eolas sa seimineár faoin tsamhail chigireachta atá á forbairt faoi láthair chun measúnú a dhéanamh ar fholláine i scoileanna. Cuirfear an bealach chun clárú do na seimineáir eolais ar líne sin in iúl do scoileanna go luath i mí Mheán Fómhair 2024.

5.5 Ina dhiaidh sin, cuirfidh Oide foghlaim ghairmiúil phearsanta ar fáil do na scoileanna go léir le linn scoilbhliain 2024/2025. Tabharfaidh Oide cuireadh do bheirt bhall foirne freastal ar na himeachtaí foghlama gairmiúla sin.

5.6 Ina theannta sin, cuirfidh na comhlachtaí bainistíochta seimineáir eolais ar fáil do bhoird bhainistíochta agus cuirfidh Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí ar fáil do thuismitheoirí iad.

5.7 Féadfaidh scoileanna leas a bhaint as dúnadh scoile leath lae le linn scoilbhliain 2024/2025 chun rannpháirtíocht fhoireann uile na scoile leis na nósanna imeachta seo a éascú. Cuirfidh sé sin am ar fáil do scoileanna chun machnamh a dhéanamh agus pleanáil don phlé lena bpobal scoile agus iad ag oibriú i dtreo polasaí Bí Cineálta a fhorbairt chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Go luath i scoilbhliain 2024/2025, cuirfidh an Roinn acmhainní, amhail seimineár gréasáin, ar fáil chun tacú leis an bplé sin.

5.8 Ba cheart go gcuirfeadh scoileanna eolas maidir leis an ndúnadh leath lae ar fáil dá bpobal scoile a luaithe agus is féidir. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh scoileanna breithniú ar an gcur isteach ar phobal na scoile a laghdú a oiread agus is féidir nuair atá an dúnadh leath lae á sceidealú.

## 6. Ceisteanna

6.1 Ba cheart déileáil ar leibhéal na scoile le ceisteanna ó thuismitheoirí, caomhnóirí agus scoláirí maidir le feidhmiú na nósanna imeachta seo.

6.2 Is féidir ceisteanna ginearálta a sheoladh ar ríomhphost chuig an Roinn ag: antibullyingprocedures@education.gov.ie

## 7. Scaipeadh an Chiorcláin

7.1 Ba cheart cóip den chiorclán seo a sholáthar do bhaill an bhoird bainistíochta, d'fhoireann na scoile agus do chumann na dtuismitheoirí, áit a bhfuill ceann ag feidhmiú.

.....

7.2 Is féidir teacht ar an gciorclán seo agus ar na nósanna imeachta a ghabhann leis ar shuíomh gréasáin na Roinne ag gov.ie. Tá leagan Béarla den chiorclán seo ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Roinne.

**Arna eisiúint ag:** **Judith Lyons**
**Príomhoifigeach**
**Aonad na dTuismitheoirí agus na bhFoghlaimeoirí**

**Dáta Eisithe** **Lúnasa 2024**